
Foilsithe in *Feasta*, Deireadh Fómhair, 2017, 8-10. Cóip an Údair.




# Idir solas agus dorchadas sula dtiteann an oíche

Léirmheas ar *Sciorrann an tAm* (Orna Ní Choileáin)

Cois Life, 2014, ISBN 978-1-907494-38-3

## Léirmheas le Marie Whelton, Institiúid Oideachais Marino

Whelton, M., 'Idir solas agus dorchadas sula dtiteann an oíche: Léirmheas ar *Sciorrann an tAm* (Ní Choileáin).' *Feasta*, Deireadh Fómhair, 2017, 8-10.

Is é *Sciorrann an tAm* an dara cnuasach gearrscéalta ó pheann Orna Ní Choileáin. Cnuasach sofaisticiúil is ea é a léiríonn go bhfuil an t-údar bisiúil seo ag teacht in inmhe mar scríbhneoir cruthaitheach. Deich scéal san iomlán atá ann agus tá siad go léir ag an gcaighdeán ard céanna. Deirtear linn ar chlúdach cúil an leabhair go mbaineann na carachtair sna scéalta leis an 'gclapsholas' agus 'go maireann siad idir dhá shaol.' Is cinnte go bhfuil an tairseach idirsholais ina gné lárnach de na scéalta sa chnuasach agus, thar aon rud eile, go dtéann an t-údar i ngleic go cumasach leis an gcur i gcéill a úsáideann na carachtair agus iad ag bogadh ó 'shaol' amháin go 'saol' eile, nó, leis an gcur i gcéill a úsáideann siad mar straitéis chun déileáil le titim na hoíche agus le deacrachtaí dorcha pearsanta. Cé go bhfuil greann agus daonnacht ag sní trí na scéalta go léir, léiríonn Ní Choileáin gur áit dhiúltach ghruama é an liathdhorchadas agus

nach í an eitic a stiúrann roghanna na gcarachtar san áit sin i gcónaí ach an brabús, an andúil agus mian na dtréan seasamh go leithleasach tríd an gcontúirt.

In 'Quick Pick', is é Emmet an príomhcharachtar. Tá post aige mar ghlantóir i siopa cé gur duine éirimiúil tallannach é. Buaileann cailín a bhí in aon rang leis ar scoil isteach chuig an siopa agus cuma ghalánta uirthi. Nochtann siad taobh amháin dá bpearsantacht lena chéile ach faightear amach go bhfuil saol iomlán eile á chaitheamh acu go príobháideach. Tá an bheirt acu ag caitheamh aghaidheanna fidil agus ag cur i gcéill sa mhéid is go bhfuil airgead á ghoid acu trí scéimeanna calaoise cliste éagsúla. Tuigtear ag an deireadh nach é 'Quick Pick' an Lató amháin atá i gceist i dteideal an scéil. Ní dhéantar aon bhreithiúnas ar na carachtair sa scéal, áfach, nochtar an tslí a maireann na carachtair idir an solas agus an dorchadas, idir an gnáthshaol agus saol na caimiléireachta, agus fágtar faoin léitheoir iad a mheas.

Baineann an dara scéal sa chnuasach, 'Sciorrann an tAm', le 'ceart' an duine am agus modh a bháis féin a roghnú. Níl tinneas foirceanta ar Chillian ach tá sé bréan den saol agus creideann sé nach leigheasann an t-am aon ní. Bhris a bhean chéile Mhoslamach a chroí in ainneoin na n-íobairtí go léir a rinne sé di, agus níl sé ag iarraidh leanúint ar aghaidh a thuilleadh. Tugann sé cuairt ar chlinic san Eoraip chun cabhair a

fháil lámh a chur ina bhás féin, agus tugtar drugaí dó ansin le tógáil tar éis dó filleadh ar an mbaile, ach bíonn timpiste ag a eitleán fillte agus is sa timpiste sin a fhaigheann sé bás. Ba é mian dhorcha a chroí, bás a fháil agus is é sin an ní a fhaigheann sé ach ní sa tslí a roghnaigh sé féin. Tá codarsnacht mhór sa scéal idir Cillian agus an cailín a bhí in ainm is a bheith i suíochán Chillian ar an eitleán fillte. Rinne an cailín sin cinneadh déanach fanacht thar lear d'fhonn a bheith lena grá geal. I ngan fhios di féin, áfach, bhí sí ar thairseach an bháis agus na timpiste ach ba é a cinneadh ar son an ghrá a shábháil í.

Tairseach de chineál eile a phléitear sa scéal 'Bí Liom'. Bhí Éilis agus Risteard le pósadh. Bhí na pleananna go léir déanta acu. Ag an nóiméad deireanach, agus í ar an tairseach idir dhá shaol, rinne Éilis cinneadh gan dul ar aghaidh leis an bpósadh. Tagann an cur i gcéill chun tosaigh sa scéal seo, arís, ar bhealaí éagsúla. Sa chéad áit, ní nochtann Éilis fírinne a cuid smaointe do Risteard go dtí go mbíonn sé ar tí í a thógáil mar chéile. Sa dara háit, ní ghlacann Risteard leis an bhfírinne nuair a dhiúltaíonn Éilis dó ach téann sé i muinín an dóchais fhalsa agus an chuir i gcéill, mar straitéisí síceolaíocha chun déileáil leis an mbriseadh croí. Sa tríú háit, tar éis trí bliana, pósann Risteard Súsanna, col ceathrar le hÉilis ach toisc í a bheith an-chosúil le hÉilis ina dealramh agus ina pearsantacht is féidir gur cur i gcéill atá sa phósadh. Sa cheathrú háit, faigheann an scéal a theideal ó

theideal an iomainn a bhuaileann na cloigíní sa séipéal áitiúil amach gach lá. Iarrann focail an iomainn ar Dhia fanacht gar don duine a chanann é toisc an oíche a bheith i ngiorracht: 'Bí liom de shíor, tá 'n oíche ag druidim liom'(lch 25). I gcomhthéacs na fulaingthe agus an bhróin go léir sa scéal, d'fhéadfaí an t-iomann a léamh ar dhá bhealach éagsúla: mar chomhartha ar chreideamh diongbháilte agus ar dhóchas Éilis, agus na gcarachtar eile sa scéal, i nDia a fhanfaidh leo 'tríd an mbás' (lch 34) agus tríd an dorchadas, nó, mar chomhartha eile ar an gcur i gcéill. Bréagnaíonn eachtraí dorcha an scéil go bhfuil cúnamh Dé nó solas an lae cóngarach, ach fós, lorgaíonn an t-iomann an cúnamh agus an solas sin: 'Díbir an oíche 's bí mar sholas dom / Fan le mo thaobh go breacadh geal an lae' (lch 34).

In 'Mise Mungó,' buaileann an léitheoir le Mungó atá ar chlár príosúnach agus atá, dá bhrí sin, ag maireachtáil arís idir dhá shaol – saol na coiriúlachta agus an saol atá saor ón gcoiriúlacht. Dar le comhairleoirí Mhungó, is andúileach é cosúil le halcólach, ach go bhfuil sé gafa leis an gcoiriúlacht. Tá dóchas acu as agus tá súil acu go n-athróidh sé a chuid iompraíochta. Cé go bhfanann sé amach ón gcoiriúlacht ar feadh tamaillín, filleann sé ar a shean-nósanna arís ag deireadh an scéil. Dearcadh dorcha go leor ar dhaoine daonna a eascraíonn as an scéal arís, is é sin nach féidir leo athrú ar aon

bhealach marthanach agus nach féidir leo éalú go héasca ón dorchadas má fhaigheann sé greim orthu.

Téama dorcha eile – cúrsaí bulaíochta san ionad oibre – is ábhar don scéal 'Leigheas'. Pléitear leis an tionchar a bhíonn ag an mbulaí ar shaol an duine a bhfuil cos ar bolg aige uirthi (Méabh) agus ar an tionchar a bhíonn ag an mbulaíocht ar a fear céile siúd (Andrias). I ngan fhios do Mhéabh, cuireann Andrias plean le chéile chun déileáil leis an mbulaí. Cé go bhfuair an bulaí bás i dtimpiste thragóideach, agus cé go raibh Andrias i láthair nuair a tharla an timpiste, caitear amhras ar Mhéabh agus d'fhéadfadh dúnmharú an bhulaí a bheith curtha ina leith. Ina theannta sin, níl iomlán na fírinne á hinsint ag Andrias do Mhéabh ná ag Méabh d'Andrias. Is léir, dá bhrí sin, nach n-athraíonn cúinsí shaol Mhéabh mórán de bharr bhás an bhulaí agus go bhfuil sí fós i ngéibheann de shaghas eile aige. Tá an dorchadas i ndán di ar ais nó ar éigean agus ní bhíonn mórán tionchair ag a gníomhaíochtaí, ná ag gníomhaíochtaí a fir chéile, ar an gcinniúint sin.

Cuntas lán teannais is ea 'Cuairteoir' ina bhfaigheann an tseanbhean, Mairéad, cuairt ó strainséir a ligeann air go bhfuil aithne aige ar a fear chéile. Tá a fhios ag Mairéad nach bhfuil an fhírinne á hinsint aige ach ní théann sí ina choinne. Cuireann sí i gcéill go mbeidh a fear céile (atá ar shlí na fírinne le seacht mbliana anuas) ar ais don dinnéar go luath agus is é an cur i

gcéill sin a shábhálann í ón olc agus ó chlisteacht bhréagach an strainséara. Ag an deireadh, imíonn sé gan cur isteach uirthi. Cuireann Mairéad glao ar a hiníon agus is ag an bpointe sin a thuigeann an léitheoir an bhuairt a bhí uirthi agus an strainséir ina comhluadar. Is carachtar láidir í Mairéad a sháraigh an strainséir ag a cluiche féin agus a bhain tairbhe fhiúntach as an gcur i gcéill chun í féin a thabhairt slán ón dorchadas.

Níl clisteacht Mhairéad ag an bpríomhcharachtar sa chéad scéal eile sa chnuasach, 'Place Vendôme' agus ligeann sí di féin a bheith sáraithe ag cur i gcéill strainséara. Is i bPáras atá an ceann seo suite agus buailimid le hÚna agus Marco atá sa chathair sin ag comhdháil ghnó. Sula gcuireann siad aithne ar a chéile cuireann seanfhear agus fear mór gnó darbh ainm Alastar é féin in aithne d'Úna. Tá de dhánacht ann ceisteanna fíorphearsanta a chur uirthi, leath-thagairtí gnéis a dhéanamh ina chuid cainte léi agus a lámha a leagan uirthi ar bhealach mí-oiriúnach. Mothaíonn sí míshuaimhneach ina fhochair. Éalaíonn sí uaidh ar deireadh agus buaileann sí le fear óg Iodálach ar comhaois léi féin, Marco. Ag deireadh na hoíche, codlaíonn siad le chéile i seomra sa Ritz. Ceapann Úna go bhfuil sí ag fanacht i seomra Mharco ach faigheann sí amach an mhaidin dar gcionn gurb é Alastar a d'íoc as an seomra. Taiscéalann an scéal gnéithe den smacht agus den mhoráltacht ghnéasach. Cé nach ndéantar breithiúnas, léirítear ar bhealach scanrúil go mbaineann dainséir le roghanna Úna agus ar nós

Mhungó in 'Mise Mungó', léirítear, arís, nach bhfuil Úna in ann éalú ón dorchadas nuair a fhaigheann sé greim uirthi.

Scéal fíordhorcha is ea 'Dola' atá suite sa tSeapáin agus déantar scagadh ann ar ghnéithe d'fhimíneacht agus de rúndacht shochaí na tíre sin, áit a bhfuil cosc iomlán ar an gcearrbhachas cé go gcleachtann go leor daoine é. Bhí andúil cearrbhachais ag an bpríomhcharachtar agus ba sa tSeapáin a bhí sé nuair a chuir sé tús lena nós. Bhí sé báite i bhfiacha. Ansin, fuair an tír tuar go dtarlódh crith talún go luath. Agus iad ar an tairseach roimh an gcrith talún, chuir Karl geall síos lena chairde ar líon na ndaoine a mharófar ann agus, dar leis féin, ní fhéadfadh sé é a chailleadh toisc 'a raibh aige' a bheith 'ag brath air' (lch 90). Tar éis comhairle a fháil ón úsaire ('siorc iasachtaí') is mó a bhí aige, rinne Karl damáiste d'aon ghnó do dhamba Korube le cinntiú go bhfaigheadh os cionn 5,000 duine bás agus le cinntiú go mbeadh an bua aige sa gheall. Mar a deir an reacaire: 'Ba ghníomh é sin a chuirfeadh isteach ar an timpeallacht agus, thar aon ní eile, ar na daoine a bhí ag brath ar an gcóras' ach, dar leis an reacaire 'Ba ghá sin a dhéanamh. Nó bhí a bheatha féin i mbaol' (lch 83). Ach, mar is dual do scéalta Ní Choileáin, tá casadh sa scéal seo, freisin, agus faigheann an léitheoir amach, ag an deireadh, go bhfuair a chairde bás i dtimpiste bhóthair díreach sular tharla an crith talún, rud a chiallaíonn nach bhfaigheadh sé a chuid airgid. Gníomh amú a bhí ina dhrochbheart – tá a chinniúint fós i ndán dó, tá sé fós faoi

chuing ag an siorc iasachtaí agus ag dorchadas ghalar an chearrbhachais.

In 'Réaltnéal' tugtar spléachadh ar an saol atá á chaitheamh ag Éadaoin agus Dodie mar spásairí. Is lánúin oilte chumasach iad atá ag obair le chéile ach atá i ngrá, freisin, agus é de rún acu páiste a bheith acu le chéile lá éigin amach anseo. Téann Dodie ar iarraidh sa spás lá amháin agus é ag obair lasmuigh den spás-stáisiún. Ar dtús, séanann Éadaoin go bhfuil sé imithe go deo uaithi agus ceapann a comhghleacaithe go mbeidh sí i mbaol ag iarmhairt an bhróin agus go bhféadfadh an brón cur isteach ar a cuid oibre agus ar a cumas a sainmhianach mar spásaire a bhaint amach. Déanann siad cinneadh dul i muinín na heolaíochta chun teiripe intinne a thabhairt di d'fhonn cuimhní áirithe a ghlanadh óna hintinn agus cinn nua a thabhairt di. Ní éiríonn leo a n-aidhm a bhaint amach óir roghnaíonn Éadaoin dul isteach i gcapsúl i ngan fhios dóibh. Fágtar í in áit thairseachúil shíceolaíoch nó 'ar fionraí beochana' (lch 101). Mar a deir duine dá comhghleacaithe: 'Ní thiocfaidh sí as go dtí go dtiocfaidh an rud a bhfuil sí ag súil leis chun í a scaoileadh saor' (lch 101). Na téamaí: nach féidir mothúcháin dhoimhne a athrú; nach féidir cinniúint an duine a athrú; agus, nach féidir an fhulaingt atá i ndán don duine a chur ar ceal, a bhrú faoi chois, nó, a sheachaint: tá siad pléite go sciliúil sa scéal seo.

Is ag aonach siamsaíochta atá Bernadette nuair a bhuaileann an léitheoir léi sa scéal 'Tráth'. Níl sí sona lena saol agus tá cinneadh déanta aici cuairt a thabhairt ar an misteach, Madame Prút, d'fhonn tuar agus freagraí a fháil uaithi. Ag am an tíogair cheiltigh rinne sí infheistíocht mhór in árasán le dlúthchara léi, Cóilín, ach níor fhan sí riamh ann agus de bharr thionchar a máthar ní fhanfaidh sí ann go dtí go mbeidh sí geallta le Cóilín. Is léir, áfach, nach bhfuil aon spéis ag Cóilín sa phósadh. Is í an chéad cheist a chuireann an misteach ar Bhernadette ná: 'Cén fáth a bhfuil tú anseo?' Is é an freagra a thugann Bernadette ná: 'Is mian liom…an todhchaí a athrú...'(lch 107) agus cuireann sí in iúl go mothaíonn sí nach bhfuil aon smacht aici ar a saol agus go mbíonn uirthi géilleadh i gcónaí do thoil daoine eile. Ach dar le Madame Prút: 'Braitheann an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht ar an aimsir atá thart…' (lch 107). Sa chur agus sa chúiteamh a tharlaíonn idir Bernadette agus Madame Prút, agus go háirithe sna dubhfhocail agus sna paradacsaí a chuireann Madame Prút os comhair Bernadette, tugann an t-údar léirmhíniú os ard ar go leor de na téamaí a tháinig chun cinn sna scéalta eile. Labhraíonn sí léi faoi 'dhlí na meán' agus faoin 'oirchill,' mar shampla. Is í sin an tuiscint 'go dtiteann rudaí amach mar a bhí pleanáilte ó thús' (lch 113) agus go 'lúbann an nádúr í féin chun í féin a cheartú' (lch 113) má dhéanann duine iarracht rud éigin a athrú. Dar léi: 'Gach rud a tharlaíonn, bhí sé beartaithe ó thús ama. Is de bharr na dtréithe atá againn… is féidir é sin a rá…Is

seanchine muid. Chomh hársa leis na réalta. Tá a bhfuil i ndán dúinn leagtha amach sa DNA. Ó thús ama…' (lch 113).

Ach, san am céanna, deir Madame Prút le Bernadette gurb ise atá i gceannas agus go bhfuil smacht aici ar an todhchaí. Ceapann Bernadette go bhfuil sí craiceáilte i ndáiríre. Nuair a fhágann Bernadette puball Madame Prút, áfach, tá gach rud athraithe. Tá daoine eile i dteach a máthar agus ní aithníonn sí iad. Dúntar an scéal agus an leabhar le focail scanrúla a chuireann in iúl go bhfuil mian a croí faighte ag Bernadette ach go bhfuil sí caillte amú sa domhan: 'Bhí gach rud iomlán difriúil ó d'fhág sí an áit an mhaidin sin' (lch 116). Má thagann teachtaireacht ar bith as an ngné pharadacsach sin den scéal is teachtaireacht dhorcha í arís: mura ngéilleann duine don saol atá leagtha amach dó/di, beidh an duine sin caillte.

In ainneoin ghontacht shimplí stíl scríbhneoireachta Ní Choileáin, is ríléir nach bhfuil aon ní simplí faoi na téamaí a phléann sí ina cuid gearrscéalta. Trí dhul i gcomhrá leis an tairseach idir an solas agus an dorchadas éiríonn léi friotal úr a chur ar go leor aincheisteanna casta comhaimseartha agus ar na meicníochtaí a bhíonn ag daoine chun déileáil le deacrachtaí agus le bagairtí pearsanta éagsúla. Nuair a thiteann an oíche go cinniúnach (nó de rogha) ar na carachtair sna scéalta seo, bíonn straitéisí éagsúla acu chun déileáil le dúshláin na beatha – buailimid le carachtair a chuireann i gcéill, le carachtair a

ghéilleann don andúil agus don choiriúlacht, le carachtair a chuireann a muinín i nDia an iomainn, le carachtar amháin a lorgaíonn cabhair ó mhisteach, le carachtar eile a lorgaíonn cabhair ó dhochtúir chun lámh a chur ina bhás féin agus le carachtar eile fós a éalaíonn ón mbrón isteach i spáschapsúl. Cé nach ndéanann an gearrscéalaí aon bhreithiúnas morálta ar roghanna na gcarachtar atá cruthaithe aici, is é mórbhua an chnuasaigh go n-éiríonn léi contúirtí agus priacail an chultúir chomhaimseartha a nochtadh don léitheoir ar bhealach a spreagfaidh domhainmhachnamh agus domhainphlé.